

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Scrúduithe an tSamhraidh, 1999
Scrúduithe Ollscoile na Dara Bliana i nDáin

Tíreolaíocht A

TA237/TA254 - An Tíreolaíocht Réigiúnach I (An Astráil)

Creidmheas: 2/1

An Dr. D. Ó Rathaille
An Dr. S. Grimes
An tOllamh B.S. Mac Aodha

Ceadófar 1.5 uair a chloig
Freagair dhá cheist
Bain úsáid as freagarleabhar ar leith don Roinn seo

1. 'Is féidir a lán dena mórdheacrachtaí atá ag comhlúadar na hAstráile san lá inniú a rianadh siar go dtí tús an choilínithe Eorpaigh'. Pléigh go criticiúil.
2. Scrúdaigh roinnt dena torthaí a d'fhás as an teagmháil idir an Astráil bhundúchasach agus an Astráil Eorpach.
3. 'I dtéarmaí a geilleagair agus freisin i dtéarmaí a polasaí i leith inimirce thóg sé beagnach dhá chéad bliain ar an Astráil theacht i réiteach lena comhthéacs reigiúnach'. Mínigh.
4. 'Tugann na hathruithe a tharla le déanaí sna rannóga eacnamaíocha agus sna claonta fostaíochta le fios go bhfuil geilleagar na hAstráile ag bogadh óna samhail traidisiúnta ina mbíodh an bhéim ar thráchtearraí'. Pléigh.
5. 'Ariamh anall óna thús mar choilíneacht phriosúin múnlaíodh an Astráil go bunúsach ag an inimirce'. Mínigh.

NÓ

Scríobh aiste ar an inimirce iarchogaidh go dtí an Astráil.

6. Scrúdaigh sainbhí patrúin chónaitheacha na n-inimirceoirí i Sidní.